**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Iascach*

**2025/0287(NLE)**

23.02.2026

***

# DRÉACHTMHOLADH

ar an gcinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032)
(13158/2025 – C10-0346/2025 – 2025/0287(NLE))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Oihane Agirregoitia Martínez

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## ACHOIMRE

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....6

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR .....8

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an gcinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032) (13158/2025 – C10-0346/2025 – 2025/0287(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (13158/2025),

– ag féachaint don Dréacht-Phrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032) (13165/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0346/2025),

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig rialtas agus parlaimint Oileáin Cook.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Rinneadh an prótacal nua seo a chaibidliú chun an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII) idir an tAontas agus Oileáin Cook, atá i bhfeidhm ón 10 Bealtaine 2017, a chur chun feidhme. Cumhdaítear tréimhse 7 mbliana leis an bprótacal agus is é is aidhm dó an creat comhair idir an tAontas agus Oileáin Cook a thabhairt cothrom le dáta agus tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) chomh maith le tosaíochtaí Oileáin Cook á gcur i gcuntas. Leis an bprótacal cur chun feidhme seo, neartófar freisin an chomhpháirtíocht straitéiseach atá ag an Aontas le hOileáin Cook agus cuirfear chun cinn beartas iascaigh inbhuanaithe agus saothrú freagrach acmhainní iascaigh in uiscí Oileáin Cook.

Leagann an Rapóirtéir béim ar a thábhachtaí atá an prótacal chun rannchuidiú le bainistiú iascaigh inbhuanaithe agus, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfar an cur chun feidhme trí úsáid a bhaint as an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus go mbeidh comhar eolaíoch ina chuid thábhachtach den chomhpháirtíocht leanúnach le hOileáin Cook.

Creideann an Rapóirtéir freisin go bhfuil sé tábhachtach ár gcaidreamh iascaigh le hOileáin Cook a chur chun feidhme ar bhealach comhleanúnach mar aon leis na réimsí eile comhair idir ár nAontas agus Oileáin Cook. Tá sé tábhachtach go ndíreoimid ar shineirgí a áirithiú i ngach gné dár gcomhpháirtíocht le hOileáin Cook, lena n-áirítear saincheisteanna straitéiseacha eile amhail inbhuanaitheacht chomhshaoil, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide chomh maith le comhar eacnamaíoch níos leithne.

Leis an bprótacal, cuirfear deiseanna iascaireachta ar fáil do 4 shoitheach peas-saighne tuinníní agus do 40 lá iascaireachta in aghaidh na bliana i limistéar iascaireachta Oileáin Cook. Tá an prótacal agus rochtain ar na deiseanna iascaireachta sin i limistéar iascaireachta Oileáin Cook tábhachtach do shoithí an Aontais atá ag oibriú sa limistéar. I gcomparáid leis an bprótacal deireanach, is laghdú ar laethanta iascaireachta é sin, chun é a ailíniú ar bhealach níos fearr leis an ráta úsáide faoin bprótacal deireanach. Leis an bPrótacal, déanfar foráil maidir le ranníocaíocht bhliantúil airgeadais EUR 460 000 le hOileáin Cook, as a bhfuil EUR 165 000 le haghaidh rochtain ar na hacmhainní iascaigh agus EUR 295 000 chun tacú le forbairt bheartas earnála iascaigh Oileáin Cook.

Molann an Rapóirtéir don Pharlaimint toiliú a thabhairt don phrótacal nua. Tá sé tábhachtach do shoithí iascaireachta an Aontais atá ag oibriú sa limistéar ach tá sé tábhachtach freisin chun an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus Oileáin Cook a neartú. Is cúis thábhachtach don Aontas í an staid gheopholaitiúil sa limistéar comhpháirtíochtaí láidre a choinneáil le tíortha comhpháirtíochta sa limistéar chomh maith le comhar níos doimhne agus Rialachas Aigéin neartaithe san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir go sonrach tríd an obair sna hEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh amhail WCPFC.

Cuireann an Rapóirtéir in iúl go háirithe gur cúis imní dó gníomhaíochtaí agus tionchar leathnaithe na Síne sa réigiún agus creideann sé go bhfuil sé tábhachtach go n-oibreodh an tAontas go dícheallach chun seasamh lenár gcomhpháirtíochtaí sa réigiún chomh maith le féachaint ar chomhpháirtíochtaí nua a d'fhéadfadh a bheith ann chun tionchar AE a neartú agus chun rannchuidiú le struchtúr Rialachais Aigéin riailbhunaithe níos láidre.

Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir go rannchuideoidh an tacaíocht earnála faoin bprótacal nua le cur chun feidhme bheartas iascaigh Oileáin Cook chomh maith le forbairt a n-earnála náisiúnta agus a ngeilleagair iascaigh trí fhás a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha iascaigh a chur chun cinn, lena n-áirítear bonneagar gaolmhar, agus trí dhálaí oibre cuibhiúla a áirithiú. Rannchuideoidh an tacaíocht freisin lena bplean domhanda maidir le hiascach, faireachán a dhéanamh ar iascaireacht neamhdhleathach agus í a chomhrac chomh maith le tacú lena n-earnáil iascaigh ar mionscála.

Leagann an rapóirtéir béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go n-urramódh an Coimisiún agus an Chomhairle cearta agus sainphribhléidí Pharlaimint na hEorpa agus an comhaontú nó an prótacal á chur chun feidhme agus i gcás go ndéanfar iad a athnuachan. I ndáil leis an méid sin, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí an Pharlaimint ar an eolas go hiomlán agus go pras, ag gach céim, faoi na nósanna imeachta a bhaineann leis an bPrótacal mar aon leis an gComhaontú.

## IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuarascáil aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)